Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Iúil 2025
(OR. en)

11562/25
PV CONS 40
AGRI 348
PECHE 212
*PARLNAT*

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

14 Iúil 2025

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 11349/25.

2. **Formheas na míreanna ‘A’**

**Liosta neamhreachtach** 11469/25

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Clár oibre na hUachtaránachta**
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*

Thíolaic an Cathaoirleach Clár Oibre Uachtaránacht na Danmhairge a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha Talmhaíochta agus Iascaigh.

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. **Próitéiní le haghaidh bia agus beatha – soláthar, táirgeadh agus inbhuanaitheacht** 10940/25
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sa nóta ón Uachtaránacht agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

5. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin 11370/25 + COR 1
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Seisiún tuairimíochta*

**<u>Aon ghnó eile</u>**

6. (a) **Géarghá le gníomhaíocht i réimse na dtáirgí cosanta plandaí - Cur chuige tapa agus éifeachtach a iarraidh** 11377/25
*Faisnéis ón tSeicia, ón Ungáir, ón Iodáil, ón Liotuáin, ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón Rómáin*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia ar fáil, thar ceann na Seicia, na hUngáire, na hIodáile, na Liotuáine, na Polainne, na Portaingéile agus na Rómáine, maidir leis an ngá atá le cur chuige éifeachtach i ndáil le húsáid táirgí cosanta plandaí a bhfuil toirmeasc orthu san Aontas nó nach mór deireadh a chur leo de réir a chéile, in éagmais roghanna malartacha eile a mbaineann riosca níos ísle leo. Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó na toscaireachtaí.

(b) **Togra ón gCoimisiún maidir le húsáid Nítrigine Aisghafa ó Aoileach (RENURE) a cheadú** 11473/25
*Faisnéis ón Ísiltír, le tacaíocht ón mBeilg, ón mBulgáir, ón tSeicia, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Rómáin agus ón Spáinn*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil, le tacaíocht ón mBeilg, ón mBulgáir, ón tSeicia, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Rómáin agus ón Spáinn, maidir leis an togra ón gCoimisiún chun úsáid Nítrigine Aisghafa ó Aoileach (RENURE) agus barúlacha na dtoscaireachtaí a cheadú.

(c) **An séú Comhdháil Aireachta Talmhaíochta idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach (an Róimh, an 27 Meitheamh 2025)** 11360/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an séú Comhdháil Aireachta Talmhaíochta idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach, chomh maith leis na barúlacha ó na toscaireachtaí.

**(d) Dearbhú Comhpháirteach ó Airí talmhaíochta na mBallstát túslíne (an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic) maidir le gnéithe talmhaíochta an mhodhnaithe ar an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus an Úcráin** ☐ 11406/25

*Faisnéis ón Ungáir thar ceann na Bulgáire, na hUngáire, na Polainne agus na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hUngáire ar fáil maidir leis an 'Dearbhú comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta na Bulgáire, na hUngáire, na Polainne, na Rómáine[1] agus na Slóvaice maidir leis na gnéithe talmhaíochta den mhodhnú ar an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus an Úcráin'. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

---

☐ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

---

[1] Shínigh an Rómáin an dearbhú ar lá chruinniú na Comhairle.